*Uimhir* 30 *de* 1995

# An tAcht um Urrúsú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 30 *de* 1995

**AN tACHT UM URRÚSÚ (FÁLTAIS Ó MHORGÁISTÍ ÁIRITHE), 1995**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


Alt

1. Léiriú.
2. Feidhmiú.
3. Morgáistí áirithe arna sealbhú ag údaráis tithíochta a dhiúscairt.
4. Comhlachtaí sainainmnithe.
5. Fáltais ó íocaíochtaí morgáiste áirithe le heisiamh ó ioncaim ghinearálta údarás tithíochta.
6. Éifeacht íocaíochta ag údarás tithíochta le comhlacht sainainmnithe.
7. Slánaíocht, etc. do chomhlacht sainainmnithe ón Aire.
8. Íocaíochtaí a bhailiú agus a loghadh trí Chiste na nIasachtaí Áitiúla.
9. Faisnéis áirithe a nochtadh.
10. Mar a dhéileálfar le barrachas ar chomhlacht sainainmnithe a fhoirceannadh.
11. Leasú ar alt 138 (airgead de chuid an Chiste um Banc Taisce an Phoist a shealbhú agus a infheistiú, etc.) den Acht Airgeadais, 1993.
12. Cumhacht an Aire chun conarthaí infheistíochta nó conarthaí fálaithe, etc., a dhéanamh.
13. Feidhmeanna áirithe a tharmligean.
14. Comhlacht sainainmnithe a bheith díolmhaithe ó cháin.
15. Comhlacht sainainmnithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

16. Iniúchadh.

17. Caiteachais.

18. Gearrtheideal.

### Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| An tAcht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975 | 1975, Uimh. 20 |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990 | |
| An tAcht Airgeadais, 1993 | 1993, Uimh. 13 |
| An tAcht Airgeadais, 1994 | 1994, Uimh. 13 |
| Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 | 1992, Uimh. 18 |
| An tAcht Cánach Ioncaim, 1967 | 1967, Uimh. 6 |
| Acht Chiste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1961 | 1961, Uimh. 45 |
| An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 | 1990, Uimh. 18 |

*Uimhir* 30 *de* 1995

# AN tACHT UM URRÚSÚ (FÁLTAIS Ó MHORGÁISTÍ ÁIRITHE), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AIRGEAD ÁIRITHE A BHEIDH DLITE D'ÚDARÁIS TITHÍOCHTA A URRÚSÚ AGUS I DTAOBH NITHE EILE A BHAINEANN LE hURRÚSÚ DEN SÓRT SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN FEIDHMEANNA ÁIRITHE A THARMLIGEAN FAOIN ACHT SEO CHUN GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN ALT 138 DEN ACHT AIRGEADAIS, 1993, A LEASÚ AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ THAIRIS SIN I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [30 *Samhain* 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "comhlacht sainainmnithe" comhlacht arna shainainmniú faoi *alt 4 (1)*;

ciallaíonn "údarás tithíochta" údarás tithíochta chun críocha alt 23 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Airgeadais.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt, is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír, is tagairt í d'fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, déanfar tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna leathnú nó arna oiriúnú le haon achtachán dá éis sin, nó faoi aon achtachán dá éis sin, lena n-áirítear an tAcht seo.

**2.—**Beidh feidhm ag an Acht seo— Feidhmiú.

(*a*) chun íocaíochtaí a mhaoiniú de dhroim Threoir Uimh. 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978* a ghlacadh,

(*b*) chun aon chríche sonraithe eile i gcás go gcinnfidh Dáil Éireann go mbeidh feidhm ag an Acht seo chun na críche sin.

Morgáistí áirithe arna sealbhú ag údaráis tithíochta a dhiúscairt.

**3.**—(1) Chun críche an Achta seo, folóidh aistriú, díol nó sannadh morgáistí ag údarás tithíochta faoi alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, sannadh an fhéich arna urrú le morgáiste, agus measfar gur sannadh cothromasach an sannadh sin.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta cibé táille nó muirear, a bheidh cinnte go cuí ag an Aire Comhshaoil, nó a chinnfidh an tAire Comhshaoil ó am go ham le toiliú an Aire, maidir leis an údarás tithíochta do riaradh morgáistí a shannfar de bhua an Achta seo, a asbhaint as aon mhéid is iníoctha acu le comhlacht sainainmnithe.

(3) San alt seo, ciallaíonn "fiach", i ndáil le morgáiste a shannfar de bhua an Achta seo, an phríomhshuim atá dlite d'údarás tithíochta, agus an t-ús is iníoctha leis, ó am go ham faoin morgáiste.

Comhlachtaí sainainmnithe.

**4.**—(1) Chun críocha aon aistrithe, díola nó sannta faoi alt 14 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, de bhua alt 3, ní dhéanfar an t-aistriú, an díol nó an sannadh sin ach amháin—

(*a*) chuig cibé comhlacht, le cibé comhlacht nó do cibé comhlacht a shainainmneoidh an tAire ó am go ham faoin alt seo chun na críche sin, agus

(*b*) ar chomaoin is iníoctha isteach sa Státchiste ón gcomhlacht sin.

(2) Chun comhlacht a shainainmniú faoi *fho-alt (1),* féadfaidh an tAire, ó am go ham, cuideachta theoranta a fhoirmiú nó a chur faoi deara í a fhoirmiú faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990.

(3) Beidh ag an Aire na cumhachtaí uile is gá chun comhlacht a shainainmneofar faoi *fho-alt (1)* a bhainistiú nó a chur faoi deara é a bhainistiú.

Fáltais ó íocaíochtaí morgáiste áirithe le heisiamh ó ioncaim ghinearálta údarás tithíochta.

**5.**—Déanfar na méideanna a shannfaidh údarás tithíochta de réir *alt 3* do chomhlacht sainainmnithe a eisiamh ó ioncaim ghinearálta an údaráis sin chun críche an mhuirir ar a ioncam ginearálta arna theachtadh go cuí faoi Acht Chiste na nIasachtaí Áitiúla (Leasú), 1961.

Éifeacht íocaíochta ag údarás tithíochta le comhlacht sainainmnithe.

**6.**—D'ainneoin *alt 5*, beidh an éifeacht chéanna i leith dliteanas údaráis tithíochta do Chiste na nIasachtaí Áitiúla ag aon íocaíocht arna déanamh ag an údarás sin chun críocha an Achta seo le comhlacht sainainmnithe amhail is dá ndéanfaí an íocaíocht sin go cuí chun tairbhe don Chiste sin.

Slánaíocht, etc. do chomhlacht sainainmnithe ón Aire.

**7.**—(1) Déanfaidh an tAire cibé méid nó méideanna a shlánú, a ráthú agus a íoc le comhlacht sainainmnithe, ar cibé téarmaí is cuí leis an Aire, ar méid é nó ar méideanna iad is gá chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí údaráis tithíochta i dtaca le sannadh cothromasach arna dhéanamh aige faoi *alt 3* agus go leanfar de na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

* IO. Uimh. L6 an 10 Eanáir 1979, lch.24.

(2) Is muirear ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis aon íocaíocht a dhéanfaidh an tAire faoin alt seo.

**8.**—Gníomhóidh an tAire, trí Chiste na nIasachtaí Áitiúla, mar ghníomhaire chun íocaíochtaí a bheidh dlite d'aon chomhlacht sainainmnithe a bhailiú agus a loghadh.

Íocaíochtaí a bhailiú agus a loghadh trí Chiste na nIasachtaí Áitiúla.

**9.**—Déanfaidh údarás tithíochta cibé faisnéis a sholáthar don Aire nó don Aire Comhshaoil, nó dóibh araon, a theastóidh ó gach duine acu ó am go ham chun críocha an Achta seo.

Faisnéis áirithe a nochtadh.

**10.**—Aon bharrachas airgid a eascróidh de dhroim comhlacht sainainmnithe a fhoirceannadh, íocfar isteach sa Státchiste é.

Mar a dhéileálfar le barrachas ar chomhlacht sainainmnithe a fhoirceannadh.

**11.**—Leasaítear leis seo alt 138 den Acht Airgeadais, 1993, tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iv) de mhír (*b*) d'fho-alt (1):

"(*v*) aon urrúis arna n-eisiúint ag comhlacht a bheidh sainainmnithe ag an Aire Airgeadais faoi *alt 4* den *Acht um Urrúsú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995*;".

Leasú ar alt 138 (airgead de chuid an Chiste um Banc Taisce an Phoist a shealbhú agus a infheistiú, etc.) den Acht Airgeadais, 1993.

**12.**—(1) D'fhonn sócmhainní agus dliteanais comhlachta shainainmnithe a bhainistiú, féadfaidh an tAire idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a dhéanamh leis an gcomhlacht sin lena n-áirítear urrúis arna n-eisiúint ag an gcomhlacht sin a cheannach.

Cumhacht an Aire chun conarthaí infheistíochta nó conarthaí fálaithe, etc., a dhéanamh.

(2) (*a*) Déanfar aon mhéideanna a íocfaidh an tAire faoin alt seo a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis.

(*b*) Déanfar aon mhéideanna a íocfar leis an Aire faoin alt seo a íoc isteach sa Státchiste.

**13.**—Féadfaidh an Rialtas, le hordú faoi alt 5 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, aon cheann d'fheidhmeanna an Aire—

Feidhmeanna áirithe a tharmligean.

(*a*) faoi *fho-ailt (2)* agus *(3) d'alt 4*, agus

(*b*) faoi *alt 12*,

a tharmligean chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta amhail is dá mba fheidhmeanna a shonraítear sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht sin na feidhmeanna arna dtarmligean amhlaidh, agus beidh feidhm ag na forálacha eile den alt sin 5 dá réir sin.

**14.**—(1) D'ainneoin aon fhorála de na hAchtanna Cánach, beidh ioncam a eascróidh chuig comhlacht sainainmnithe díolmhaithe ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide.

Comhlacht sainainmnithe a bheith díolmhaithe ó cháin.

(2) Measfar gur urrúis arna n-eisiúint faoi údarás an Aire de réir bhrí alt 466 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, aon stoc nó cineálacha eile urrúis a eiseoidh comhlacht sainainmnithe, agus beidh feidhm ag an alt sin dá réir sin.

(3) Leasaítear leis seo alt 474 den Acht Cánach Ioncaim, 1967, trí ", nó *alt 14(2)* den *Acht um Urrúsú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995*" a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh "den Acht Airgeadais, 1994" (a cuireadh isteach le halt 161 den Acht Airgeadais, 1994).

(4) Leasaítear leis seo alt 19 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*b*):

"(*bb*) urrúis a d'eisigh comhlacht sainainmnithe de réir na brí a shanntar le *halt 1* den *Acht um Urrúsú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995*;".

(5) Beidh feidhm ag alt 23 den Acht um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, 1975, maidir le gnóchan a fhabhróidh chuig comhlacht sainainmnithe mar atá feidhm aige maidir le gnóchan a fhabhróidh chuig comhlacht a shonraítear san alt sin.

Comhlacht sainainmnithe a bheith díolmhaithe ó dhleacht stampa.

**15.**—Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe—

(*a*) ar aistriú, díol nó sannadh morgáistí ag údarás tithíochta chuig comhlacht sainainmnithe, le comhlacht sainainmnithe nó do chomhlacht sainainmnithe, nó

(*b*) ar aistriú urrús arna n-eisiúint ag comhlacht sainainmnithe.

Iniúchadh.

**16.**—Déanfar cuntais comhlachta shainainmnithe a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gach bliain lena n-iniúchadh ag cibé tráthanna a threoróidh an tAire.

Caiteachais.

**17.**—Is muirear ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis aon chaiteachais a thabhófar i dtaca le riaradh an Achta seo ag an Aire.

Gearrtheideal.

**18.**—Féadfar an tAcht um Urrúsú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe), 1995, a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 307895